

❁ An Lúibín ❁

24 Nollaig 2011

Teanga gan phobal

An teanga ghréasáin í an Ghaeilge feasta, nó teanga phobail? Tá an tsean-Ghaeltacht beagnach imithe; is beag dlús atá sa Ghaeltacht nua – ceann na cathrach, ceann an domhain mhóir. Ceist í is fiú a chíoradh, mar a rinne Ciarán Dunbar le déanaí ar *Gaelscéal*:¹

Tá dóchas na Gaeilge sna gaelscoileanna. Tá go leor den tuairim nár cheart an córas sin a cheistiú ar dhóigh ar bith. Munar féidir leis na gaelscoileanna (agsu na páistí atá ag freastal orthu) an Ghaeilge a shlánú, sin deireadh leis an Ghaeilge – ní bheidh Gaeil ar bith fágtha.

Rud deacair mall míchothrom is ea fás na Gaeilge sna cathracha. Mar a deir Dunbar, tá claonadh ag mórán tuismitheoirí chun a gclann a chur chun na ngaelscoileanna ach gan an teanga a labhairt sa bhaile leo. Is é a thaithí féin i mBéal Feirste go bhfuil ‘fás rábach’ faoin ngaelscolaíocht le fiche bliain anuas ach nach léir gur tháinig fás ar líon na dteaghlach Gaelach dá bharr. Ní mór a chuimhneamh, áfach, gur le Béarla a tógadh an chuid is mó de na tuismitheoirí agus nach go réidh a thiocthadh an teanga eile leo. Bheadh a bhformhór sásta ach Gaeilge measartha líofa a bheith ag na páistí.

Maíonn mo dhuine gur iomaí páiste (sa Tuaisceart ar aon chuma) nach bhfreastlaíonn ar ghaelscoil ach atá á thógáil le Gaeilge, agus deir sé gur deacair gan smaoineamh ‘go mbaineann an drogall seo le caighdeán na Gaeilge sna gaelscoileanna agus leis an fhoghraíocht go háirithe’. Deir sé nach cinnte gurb iad na gaelscoileanna is oiriúnaí do pháistí atá á dtógáil le Gaeilge, agus nach cinnte ach oiread gur fiú na scoileanna céanna a bheith ann mura spreagann siad daoine chun glúin nua a thógáil le Gaeilge.

Cuirtear an cheist mhór: An é atá i ndán don Ghaeilge a bheith ina teanga chultúrtha amháin seachas a bheith ina teanga phobail? Is é an freagra atá ar an gceist sin, ar an bhfianaise atá anois ann, gur féidir teanga phobail a dhéanamh di sna cathracha de réir a chéile, cé gur mionlach a bheadh i gceist. Pé locht atá ar na gaelscoileanna maidir le caighdeán na gramadaí agus na foghraíochta, agus dá laghad an líon iardhaltaí a leanann orthu ag úsáid na teanga, tá ábhar pobail ann. Agus sin gan trácht ar na daoine úd atá á dtógáil le Gaeilge ach nach mbacann le gaelscolaíocht. Rinneadh iarracht nó dhó ar ghaelphobal a bhunú d’aonghnó, ach níl rath tagtha fós ar an obair sin. Is é is dóichí go dtiocfaidh gaelphobal uaidh féin, má thagann.

San Astráil, cinnte, níl sa Ghaeilge ach teanga chultúrtha (teanga *An Lúibín* agus scata acadóirí, iriseoirí agus díograiseoirí). B’fhusa pobal a dhéanamh i Meiriceá Thuaidh, ach níl an tiús ann fós atá ag teastáil chun limistéar Gaelach a chur ar bun. Faoi láthair níl le fáil in Éirinn ná i dtíortha eile ach gréasán Gaeilgeoirí, gréasán a bhfuil a dhlús féin agus a bheocht féin ann, cé nach bhfuil fíorthathag daonna ann. Ní olc an scéal é, tar éis an tsaoil; níl sa Bhéarla féin i gcuid mhaith den domhan ach teanga chultúrtha – an dara teanga, an tríú teanga. Caithfear teacht leis an méid atá againn go bhfeicimid fobhailte na Gaeilge.



Lucht cosanta an Choimisinéara Teanga

¹ http://gaelsceal.ie/index.php?option=com_content&view=article&id=1305:teanga-bheo-no-teanga-chulturtha&catid=11:tuairimi&Itemid=298

Tá tacaíocht faighte ag an gCoimisinéir Teanga in Éirinn ó chúigear eolaithe, agus ceathrar acu ina gcónaí i dtíortha eile. B'olc leo an cinneadh a rinne Rialtas na hÉireann oifig an Choimisinéara a cheangal d'oifig an Ombudsmann.

Is iad na heolaithe atá i gceist an Dr John Walsh ó Ghaillimh, an tOllamh Colin Williams ó Ollscoil Caerdydd, an tOllamh Linda Cardinal ó Ollscoil Ottawa, an Dr Wilson McLeod ó Ollscoil Dhún Éideann agus an tOllamh Rob Dunbar ó Ollscoil na nGarbhchríocha agus Inse Ghall. Deir siad nach léir go ndéanfar aon choigilt mhór de bharr an dá oifig a nascadh le chéile, agus gur mór an rud é Coimisinéir neamhspleách a bheith ann chun gearáin a fhiosrú de réir dlí.

Cosnaíonn oifig an Choimisinéara Teanga timpeall €600,000 in aghaidh na bliana agus é de dhualgas uirthi cearta a chosaint de réir Acht na dTeangacha Oifigiúla. Tá cáil éigin ar Sheán Ó Cuirreáin de bharr comhlachtaí poiblí a fheannadh as gan cloí leis an dlí i gcúrsaí teanga, ach tá daoine ann, gan dabht, arbh fhearr leo ar oileán eile.



Dáithí Ó hÓgáin

I Luimneach a rugadh Dáithí Ó hÓgáin, scoláire agus file. Fuair sé bás an mhí seo agus é in aois a dhá bhliain is seasca – óg go leor, i ndáiríre. Bhí suim an domhain aige sa bhéaloideas agus bhíodh sé á bhailiú gan stad. Bhí fonn air freisin daoine a spreagadh chun úsáid a bhaint as ábhar i nGaeilge.

D'fhoilsigh sé a lán leabhar tábhachtach: *An File: Staidéar ar Osnádúracht na Filíochta* (1982), *The Hero in Irish Folk History* (1985), *The Sacred Isle: Belief and Religion in Pre-Christian Ireland* (1999). Sin gan trácht ar sheacht dhíolaim filíochta, trí leabhar gearrscéalta agus roinnt leabhar faoi shloinne na hÉireann.

Bheadh ar dhuine éigin leabhar ar nós *An File* a scríobh, agus is amhlaidh gurb é an tÓgánach a rinne é. Ar na gnéanna den fhilíocht a scrúdaíonn sé tá an ceann úd a chuirtear in iúl sa seanfhocal: 'Ní théann filíocht thar bhean'.

Is suntasach an ní nach bhfuil rian againn d'oiread agus bean amháin i measc na bhfilí liteartha i dtraidisiún na Gaeilge le míle bliain anuas. Ó thaobh na filíochta mar ghairm liteartha de, is follasach gur gairm fir a bhí inti. An banfhile Gaelach is mó cáil ar fad, i.e. Màiri nighean Alasdair Ruaidh Nic Leoid, file neamhliteartha ba ea í cé go raibh Mac Leoid Dhún Bheagain mar phátrún aici. Leis an traidisiún neamhliteartha a bhain Màiri, mar aon le Máire Bhuí Ní Laoghaire agus na banfhilí agus na caointeoirí go léir a fágadh i scáth na bhfilí liteartha a raibh ceird shnasta an léinn acu. Tugaimid faoi deara, mar sin, go raibh an béaloideas mar gheall ar an bhfilíocht ag réiteach leis an gcleachtadh léannta sa mhéid seo. Tharla sin toisc go raibh an dá shruth sin ag féachaint ar an bhfilíocht mar cheird.²

Níl a fhios cén dearcadh a bheadh ag an seansaol i leith na mbanfhilí atá anois ann agus iad chomh líonmhar leis na fir. Ó thraidisiún pobail a d'éascair siad, a déarfá, seachas ón traidisiún léannta; ba ghá an seansaol a threascairt chun deis a thabhairt dóibh ardmheas a tharraingt orthu féin. Mar a deir Ó hÓgáin, bhí meas éigin ar mhná riamh mar chaointeoirí go háirithe - dream a chum filíocht dhorcha prafhoclach a raibh teas agus tocht inti. Ba bheag an bhaint a bhí aici sin le saothar srianta rógheanta an fhile léannta. D'imigh an caoineadh agus filíocht na scol araon; tháinig rud nua ina n-áit. Agus is fiú leabhair an Ógánaigh a léamh chun tuiscint a fháil ar an saol a ghin é, an seansaol úd a d'imigh ach a ghéilleann don taighde agus don tuiscint.



Clog naofa

² Ó hÓgáin, Dáithí (1982). *An File: Staidéar ar Osnádúracht na Filíochta*. Oifig an tSoláthair, Baile Átha Cliath, Ich 166.

Sliocht as *Beatha Naile*, téacs Meán-Ghaeilge (agus litriú an lae inniu curtha air anseo). Cuireann cuid den scéal síos ar Cholm Cille agus ar chlog Naomh Naile: eachtra a bhfuil blas láidir dúchasach na finscéalaíochta uirthi agus a baineann binneas as carnadh na n-aidiachtaí agus as an uaim, mar ba ghnách ag an am. Is breá leis an údar na comhfhocail – *saothar-mhór, taobh-fhad-gheal*.

Péist, scata naomh, gabha (pearsa ar leith sa seansaol), agus déantúsáin iontacha: lán scéil i mbeagán focal. (Féach an bunleagan ag CELT: <http://www.ucc.ie/celt/published/G201014/index.html>.)

Ba í sin an uair agus an aimsir a chuaigh Colm cráifeach-náir Cille in iath oirearmhín na hAlban á beannú agus á buanleasú, agus i ndiaidh caomh-Albain a choisricadh, sheol Colm Cille a churach go colgdhíreach, agus ní fada a bhí sé ar an aibhéis iontach nuair a chonaic sé péist fhraochta ró-ghruama uafar-ard uchtleathan cholgach cheannmhór chraosleathan. Agus ghabh eagla ábhalmhór mac fialbhreithiúnach Fheidhlimidh [i.e. Colm Cille] á feiceáil; agus thug sí a haghaidh ar ard-Cholm, óir b'áil léi an churach, Colm agus a chlérigh a shlogadh go sárdhíochra.

Agus ghuigh Colm Cille go dúthrachtach Seanach seanghabha, óir ba mhac máthar dó Colm Cille, agus is amhlaidh a bhí an Seanach sin, agus caor chrithreach chomhluaineach i dtréanbhéal a theangaire á tógáil. Agus tháinig mana ina éadan san am sin, agus taibhríodh dó mac a mháthar a bheith sa mhóréigean sin; agus thug urchar i gcoinne Cholm Cille ó Dhoire buanrafar Brosca go dtí an t-aigéan fuiníoch idir Éire agus Albain. Agus is é an t-ionad a tharla an chaor chomhramhach sin, i mbéal na péiste, gur mharaigh d'aon urchar í.

Agus ghuigh Colm Cille Dia, amhail gur lean an phéist seo beo iad, go leanfadh sí marbh iad go hardphort na hÉireann, agus nuair a ghabh Colm agus a chlérigh cuan tháinig an phéist i dtír in éineacht leo. Agus choscair na cléirigh í agus baineadh an chaor láithreach aisti. Agus rugadh an chaor chun Sheanaigh, chun a cheárta, agus rinneadh trí mionnaí míorúlteacha mórchumhachta di .i. Glúinín Sheanaigh, agus an Gearr Curaí, agus clog niamhghreanta Naile, óir is é Seanach saotharmhór a thug do Thiarnach taobhfhadgheal an t-uasalchlog, óir is dó ab ainm Glasán Thiarnaigh. Agus thug Tiarnach do Molaise an leathanchlog agus bhíodh sé i gcistin Mholaise ar an lic, go bhfaightí proinn do chéad ina honóir; agus gurb é ba chlog uachta agus adhairt ag Molaise in am a éaga.

Cráifeach-náir: ciallaíonn *náir* múinte, cuibhiúil, macánta.

Oirearmhín – imeall-mhín

Aibhéis – aigéan

Fraochta – fraochmhar

Uafar- - uafásach

Sárdhíochra – sár-dhíocasach

Mana – tuar: tháinig mana ina éadan – nocht tuar ina intinn dó.

Fuiníoch – iartharach

Comhramhach – caithréimeach

Mionnaí – rudaí luachmhara

Glúinín Sheanaigh, Gearr Curaí: ní léir cad atá i gceist anseo, ach tá brí spioradálta iontu beirt.

Naile – Naomh Naile

Proinn do chéad – béile do chéad duine

Clog uachta – clog a fágadh mar uacht

Molaise – Naomh Molaise

Thíos i lusca Ardeaglais Theampall Chríost i mBaile Átha Cliath tá taispeántas Bíoblaí ann, agus aird á tarraingt aige ar stair an Bhíobla i nGaeilge. Scéal é a bhaineann go dlúth le scéal Uilliam Bedell, Protastúnach ó Shasana a ceapadh ina Phropast ar Choláiste na Tríonóide sa bhliain 1627. D'fhoghlaim sé Gaeilge agus chuir buíon bheag scoláirí ag aistriú an tSean-Tiomna. Tháinig sé sin amach sa bhliain 1685, cé gur aistriodh é dhá scór blianta roimhe sin. Bhí an Tiomna Nua curtha amach ag Uilliam Ó Domhaill cheana sa bhliain 1602. Le himeacht aimsire nascadh an dá Tiomna le chéile chun an *Bíobla Naomhtha* a dhéanamh, leabhar a raibh éileamh ag Caitlicigh féin air roimh an Drochshaol. Tháinig sé chomh fada ó dheas leis an Astráil, mar tá cóip de le fáil i mbailiúchán Niocláis Uí Dhomhnaill in Melbourne.³ Tá Bíobla Bhedell agus roinnt lámhscríbhinní agus Bíoblaí eile ar taispeánt san Ardeaglais faoi láthair, agus beidh go dtí deireadh Mhí Eanáir: www.christchurchdublin.ie.

Agus seo sliocht as Lúcas, Caibidil II, 1-18, ón *mBíobla Naomhtha* féin: breith Íosagáin, an mainséar agus na haoirí. Is cinnte, mar a deirtear go minic, nach bhfuil i Muire anseo ach an té a fhanann agus a fhulaingíonn; is amhlaidh a bheireann an eachtra uirthi dá buíochas. Ach d'fhéadfaí a rá gur inti, mar bhean agus mar mháthair, atá cothú agus soiléiriú na mistéire. Ise a théann amach ar an diamhair a shoilseoidh an saol. As an eagna sin a thagann an chumhacht a luadh riamh léi i dtraidisiún na hEaglaise, cumhacht is buaine ná ríochtaí daingne an domhain.

1. Agus tárla ann sna láethaibh sin, go ndeachuidh áithne ó Shéasar Augustus, an domhan uile do mheas.
2. Ag so an céudmheas do rinneadh an tan do bhí Sirénus na uachdarán ar Shíria.
3. Agus do chúadar eile dhá mheas, gach áon fá leith dhá chathruigh féin.
4. Agus do chúaidh Ióseph mar an gcéudna súas ón Ghalilé, as an gcathraigh Nasarét, go tír Iúdaighe, go cathruigh Dháibhí, dá ngoirthear Bétélem; do bhrígh go raibh sé do thigh agus do shliochd Dháibhí:
5. Ionnis go measfuigh é maille ré Muire do bhí ar na ceangal ris mar mhnáoi, ar mbeith dhi torrach.
6. Agus tárla, ar mbeith dhóibh ann sin, go dtangadar laéthe a hionbhuidhsean.
7. Agus rug sí mac a céudduine cloinne, agus do chuir sí giobuil cheangail na thimcheall, agus do chuir sí na luighe a mainnséar é; do bhrígh nach raibh áit aca sa tígh ósda.
8. Agus do bhádar áodhairidhe sa dúithche sin na gcomhnuidhe a muigh, agus ag déanamh faire oidhche ar a dtréd.
9. Agus, féuch, do sheas aingeal an Tighearna láimh léo, agus do shoillsigh glóir an Tighearna na dtimpeall: agus do ghabh eagla mhór iad.
10. Agus a dubhairt an taingeal riú, Na bíodh eagla oruibh: óir, feuch, a táim ag soiscéuladh dhíbh gáirdeachus mór, noch bhías do gach uile phobal.
11. Oir rugadh an Slánuightheóir dháoi bh a niu, (éadhon Críod an Tighearna,) a gcathruigh Dháibhí.
12. Agus ag so comhartha dhíbh; Do ghéubhthaoi an leanabh ceanguilte a ngiobluibh, na luighe a mainnséar.
13. Agus do bhí go hobann cuideachda mhór de shlúagh neamhdha a bhfochair an aingil ag moladh Dé, agus ag rádh,
14. Glóir do Dhía ann sna hárduibh, agus sídhcháin ar an dtalamh, deagthoil do na dáoinibh.
15. Agus tárla, mar do imthigheadar na haingil úatha ar neamh, go ndubhradar na háodhairidhe ré chéile, Imthigheam anois don Bhetléem, agus féucham an ní so do rinneadh, noch do fhoillsigh an Tighearna dhúinn.
16. Agus tángadar go deithneasach, agus fuaradar Muire agus Ióseph, agus an náoidhe na luighe a mainnséar.
17. Agus an tráth do chonncadar sin, do aithriseadar an ní a dubhradh riú a dtimcheall an leinibhsin.
18. Agus na huile dháoine da gqualidh so do ghabh iongantas iad fa na neithibh a dubhradar na háoraidhe riú.
19. Achd do thaisgidh Muire na bríathrasa uile, dá mbreathnughadh ann a croidhe.

Guímid Nollaig faoi shéan agus faoi shonas dár gcuid léitheoirí, agus Bliain Úr faoi mhaise

³ http://www.academiccentre.stmarys.newman.unimelb.edu.au/?page_id=17: Academic Centre, St Mary's College and Newman College, University of Melbourne.

Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun rianach@optusnet.com.au nó chun coling.ryan@ato.gov.au.

If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to rianach@optusnet.com.au or to coling.ryan@ato.gov.au.